



Téama: Seabhaic agus Colúir - Coinbhleacht

Roinn 1: Conas a tharlaíonn coinbhleacht?

Is cuid nádúrtha d'iompraíocht an duine í an choinbhleacht, agus an comhoibriú freisin. Conas a théann sí i bhfeidhm ar ár saol laethúil mar dhaoine aonair agus inár ngrúpaí, agus cén tionchar a bhí aici ar shaol na ndaoine san am a a caitheadh?

Torthaí Foghlama na Roinne seo

Beidh do chuid daltaí ábalta:

- anailís a dhéanamh ar iarmhairtí coinbhleachtaí
- ról an duine aonair agus ról grúpaí i bhforbairt na coinbhleachta a thuiscint
- gnéithe dearfacha agus diúltacha na coinbhleachta a aithint

Acmhainní tugtha

Acmhainn 1: Léarscáileanna, sleachta, múrphictiúr

Acmhainn 2: Sleachta, sainmhínte, péintéireacht

Gníomhaíocht Ghrúpa 1: Spreagthaí (tabhair 15 nóiméad)

Sa ghníomhaíocht seo sainaitheoidh na daltaí na rudaí a spreagann achran idir daoine, ag féachaint air ar dtús ó thaobh an chaidrimh idirphearsanta de. Roinn an rang ina cheithre ghrúpa agus tabhair bileog mhór pháipéir do gach grúpa a bhfuil ceann de na cineálacha caidrimh seo a leanas scríofa uirthi. Iarr ar na daltaí ansin ceithre chúis a scríobh síos a measann siad a d'fhéadfadh a bheith le coinbhleacht idir daoine laistigh de na catagóirí caidrimh seo.

- *'Comharsana'*
- *'Teaghlaigh'*
- *'Cairde'*
- *'Cairde scoile nó comhghleacaithe'*

Eagraigh comhrá sa rang chun na smaointe éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Chun go ndéanfaidh na daltaí machnamh ar an scéal go ginearálta agus ar an tslí a éiríonn coinbhleachtaí agus ar an tslí a bhforbraíonn siad ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuir dúshlán fúthu a gcuid smaointe a athfhoirmiú ina gcoincheapa leathana. D'fhéadfadh neamh-chomhionannas, éagóir, forlámhas, cos ar bolg, tuairimí agus idé-eolaíocht pholaitiúil, uaimhian, iomaíocht, etc a bheith i gceist.

Gníomhaíocht Ghrúpa 1: Réabhlóidí (tabhair 15 nóiméad)

Sa ghníomhaíocht seo bogfaidh do dhaltaí ón tuiscint ar cad é a spreagann coinbhleachtaí go tuiscint ar an tslí inar féidir daoine a thabhairt le chéile leis an spreagadh sin chun athruithe a éileamh. Féachfaidh siad ar thrí phointe ar leith sa stair chun iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile: suaitheadh sa Mheánoirthear in 2011 ('Earrach na nArabach'), réabhlóidí 1989 i dtíortha Oirthear na hEorpa a bhí faoi smacht an Aontais Shóivéadaigh tráth, agus gluaiseachtaí



ÁRAS STAIR NA HEORPA

réabhlóideacha 1848 san Eoraip.

Ar dtús, iarr ar na daltaí na léarscáileanna in Acmhainn 1 a scrúdú. Seans go mbeidh ort a raibh ar eolas acu cheana faoi na himeachtaí seo a chur i gcuimhne dóibh nó achoimre orthu a thabhairt lena chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith acu ar na cúinsí sonracha as ar eascair na gluaiseachtaí réabhlóideacha seo. Míniú 'éifeacht an dúradáin' a mhéid a bhaineann le réabhlóidí dóibh agus an chaoi a bhféadfaí é a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na heachtraí seo.

Iarr orthu ansin sliocht as alt an staraí in Acmhainn 1 a léamh as a stuaim féin.

Iarr orthu cosúlachtaí agus difríochtaí idir na himeachtaí a tharla in 2011, i 1989 agus in 1848, a ndearnadh anailís orthu san alt, a aithint agus a liostú. Tabhair le chéile a raibh d'ionchur ag na daltaí le linn plé ranga, agus mar chonclúid cabhraigh leo sainmhíniú ar choincheap na réabhlóide a thabhairt a dhéanann idirdhealú idir é agus coinbhleachtaí eile: ról na sochaithe sibhialta, ról na n-idéal, etc.

Chun clabhsúr a chur leis an ngníomhaíocht seo, iarr ar na daltaí ciall an mhúrpheictiúir, arbh é an doiciméad deiridh é in Acmhainn 1, a phlé. Cad iad na siombailí a úsáidtear chun coincheap na réabhlóide a chur in iúl? Conas a bhaineann sé leis na cásanna a pléadh sa ghníomhaíocht seo? Go háirithe, cén fáth gurb é 'an t-earrach' an íomhá a úsáidtear i gcásanna 2011 agus 1848, agus tagairt a dhéanamh don mhúrpheictiúr? An bhfuil sé seo oiriúnach?

Gníomhaíocht Ghrúpa 2: Cultúr an fhoréigin (tabhair 15 nóiméad)

I ngach coinbhleacht bíonn baol foréigin ann. Leis an ngníomhaíocht seo déantar iarracht na daltaí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an tslí inar féidir le cultúr foréigin fás sa tsochaí as an mbealach a léirítear nó a gcuirtear i láthair sa tsochaí sin é.

Eagraigh plé sa rang a ligeann do na daltaí freagra a thabhairt ar na ceistanna seo a leanas:

- Conas a d'fhéadfadh an tsiamsaíocht nó gníomhaíochtaí caithimh aimsire áirithe an foréigean a chur i do láthair?
- An dóigh leat gur mó an luí atá agat le foréigean toisc é a bheith curtha i do láthair ar an tslí sin? Cén fáth?
- An dóigh leat go nochtann an tsiamsaíocht nó gníomhaíochtaí caithimh aimsire a thugann glóir don fhoréigean aon ní mar gheall ar dhearcadh na sochaí ar an bhforéigean?

Déanfaidh na daltaí an staid chomhaimseartha a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le staid na hIodáile tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda, nuair a chabhraigh glóiriú seo an fhoréigin, go háirithe i saothar roinnt ealaíontóirí, le fás an fhaisisteachais. Féachfaidh siad go háirithe ar chás bheirt ealaíontóirí Thodhchaíochais na linne: an file agus an péintéir Filippo Tommaso Marinetti (1874-1944), údar Fhorógra an Todhchaíochais agus duine díobh siúd a chéadthacaigh leis an bPáirtí Náisiúnta Faisisteach (PNF), agus an péintéir Alfredo Gauro Ambrosi (1901-1945), a d'oibrigh i seirbhís Benito Mussolini idir 1920 agus 1940.

Iarr ar na daltaí anailís a dhéanamh ar na doiciméid in Acmhainn 2 agus iad a phlé i ngrúpaí beaga. Iarr orthu freagraí scríofa ar na ceistanna seo a leanas a ullmhú:

- Conas a fhéachtar ar an bhforéigean sa sliocht seo as Forógra an Todhchaíochais?
- An dóigh leat go bhféadfaí fuathchaint de réir shainmhíniú Chomhairle na hEorpa a thabhairt



ÁRAS STAIR NA HEORPA

ar an sliocht as Forógra an Todhchaíochais? Cén fáth?

- Cad a deir an pictiúr seo de Mussolini a phéinteáil Alfredo Gauro Ambrosi linn faoin mbaint a bhí ag an Todhchaíochas leis an bhFaisisteachas san Iodáil tar éis an Chéad Chogadh Domhanda? Déan cur síos ar na gnéithe físiúla a chabhraíonn chun an t-imrisean seo a chruthú. (*Nóta:* teicníc ba ea an aerphéinteáil a bhunaigh na Todhchaigh i 1929; bhí sé bunaithe ar an tuairim gur thug teicneolaíocht na heitlíochta peirspictíochtaí nua agus réadúlacht nua a d'fhéadfaí a léiriú sa phéintéireacht.)